# R2

## LITIR SHAMPLACH CHUIG TUISMITHEOIRÍ/ CAOMHNÓIRÍ – BÁS TOBANN/TIMPISTE

Féadfaidh scoileanna an litir seo a úsáid mar theimpléad nuair is gá tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi thragóid. Tugtar comhairle inti, mar aon le breac-chuntas ar a mbeidh i gceist le freagairt na scoile (sonraí achoimre ar an teagmhas agus, i gcás báis, b'fhéidir roinnt cuimhní ar an té atá imithe ar shlí na fírinne). Sachás go n-úsáidtear téacsáil/na meáin shóisialta le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, cabhróidh an t-inneachar seo leat a leithéid de theachtaireachtaí a dhréachtú.

(Sonraí Teagmhála na Scoile) (Suaitheantas na Scoile)

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Is oth liom a chur in iúl duit (go bhfuair duine de dhaltaí na scoile, [ainm], bás go tobann)/(gur gortaíodh duine de dhaltaí na scoile, [ainm], i dtimpiste), srl. Goilleann an bás/na básanna/an tarlú/ na tarluithe go mór orainn. Táimid ag cuimhneamh ar mhuintir (ainm an teaghlaigh).

Tá struchtúir tacaíochta i bhfeidhm againn chun cabhrú le do leanbh déileáil leis an tragóid seo

(sonraigh).

B'fhéidir go bhfuil mothúcháin agus ceisteanna ag do leanbh ar mhaith leis iad a phlé leat. Tá sé tábhachtach eolas ceart agus cruinn a thabhairt dó ar bhealach atá oiriúnach dá aois.

Is féidir leat cabhrú le do leanbh ach am a ghlacadh le héisteacht leis agus é a spreagadh chun labhairt faoi na mothúcháin atá aige. Ní mar a chéile aon bheirt leanaí agus cuirfidh siad a gcuid mothúchán in iúl ar bhealaí difriúla. Ní hannamh go rachadh sé deacair ar leanaí díriú ar rudaí, go mbeadh faitíos nó imní orthu ná go mbeidís cantalach. B'fhéidir go dtarraingeoidís siar ó dhaoine eile, go mbeidís ag caoineadh, go mbeidís ag gearán faoi dhaitheacha nó pianta coirp, go mbeadh sé deacair orthu codladh nó go mbeadh tromluí orthu. B'fhéidir nach mbeadh fonn ar roinnt acu aon rud a ithe. Is gearr go mbeidh siad ar a seanléim arís i bhformhór na gcásanna. Coinnigh súil ar do leanbh sna laethanta amach romhainn agus lig dó a chuid mhothúchán a chur in iúl gan é a cháineadh.

Cé go mbeidh ranganna ar siúl mar is gnáth, glacaim leis go mbeidh an chéad cúpla lá eile deacair ar gach uile dhuine.

(Roghnach)

Tá sé beartaithe oíche eolais a chur ar siúl do thuismitheoirí ar an (dáta, am agus áit). Tabharfar tuilleadh eolais duit ag an am sin faoi cén chaoi cabhrú le leanaí atá faoi bhrón.

Tá roinnt eolais istigh leis seo a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit chun cabhrú le do leanbh sa tréimhse chrua seo.

Is minic a théann daoine óga caol díreach chuig na meáin shóisialta lena bhfuil i mbéal an phobail a fháil amach, nó le tuilleadh eolais a fháil. Is tábhachtach an rud é ag an am seo monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidfidh siad na meáin shóisialta agus labhairt leo faoina léann siad. Molaimid go láidir duit a chur ina luí orthu gur gá dóibh bheith an-tuisceanach agus an-chúramach ar fad nuair a phostálfaidh siad aon rud.

Má tá comhairle uait, ná bíodh aon drogall ort teagmháil a dhéanamh leis na daoine seo a leanas sa scoil (sonraí).

Síniú an phríomhoide